Is féidir linne comhoibriú lena chéile mar ghiollaí Dé,
le haire a thabhairt do gach ar chruthaigh sé.

SCOILEANNA CAITLICEACHA:

MAIREACHTÁIL GO SÍTHEACH LE GACH AR CHRUTHAIGH DIA

26 EANÁIR – 2 FEABHRA 2020

An Mháirt: Maireachtáil go Sítheach leis na Comharsana

27 Eanáir 2020

Intinn Fhoghlama

Foghlaimeoidh na daltaí an bhrí atá le 'maireachtáil go sítheach' agus cuirfidh siad leis an tuiscint sin trí mhachnamh a dhéanamh ar an mbrí atá le 'Maireachtáil go sítheach leis an gcomharsa.'

Critéir Ratha

- Beidh ar chumas na ndaltaí an focal 'síth' a mhíniú agus a úsáid
- Beidh ar chumas na ndaltaí cineálacha éagsúla síthe a aithint
- Beidh ar chumas na ndaltaí an bhrí atá le 'maireachtáil go sítheach' a mhíniú
- Beidh ar chumas na ndaltaí samplaí a lua ina mbíonn daoine ag maireachtáil go sítheach leis na comharsana a thagann ó thraidisiúin chreidimh éagsúla

EOCHAIRFHOCAIL	MÍNIÚ
Síth	
Ualaí	
Suaimhneas Anama	
Leithleachas	
Féin-Ionsú	
Indibhidiúlachas	
Tomhaltachas	
Cothú	
Ard-Easpag Canterbury	
Patrarc	
Peaca	
Caomhnóir	
Gníomh Fáidhiúil	
Iompaitheach	
Aithrí	

Cad iad na cineálacha síthe atá le sonrú sna 6 phictiúr thíos?

Machnamh

Caith nóiméad nó dhó ag smaoineamh ar do shaol, agus an tsíth atá ann. Tarraing íomhá den tsíth seo, nó d'fhéadfaí pictiúr teibí le dathanna deasa a tharraingt leis an tráth sítheach seo a léiriú.

"Má aimsíonn tú an tsíocháin i do chroí féin, beidh ar do chumas maireachtáil go sítheach leis an duine eile.'

(Peace Pilgrim)

Cén bhrí a bhaineann tú as an ráiteas seo?

'Cabhraigh leis an duine eile bhur gcuid ualaí a iompar.'

(Gal 6:2)

Cén bhrí a bhaineann tú as an ráiteas seo?

"Is dea-chara an duine a bhronnann saoirse iomlán orainn, feidhmiú ar ár mbealach féin.'

(Jim Morrison)

Cén bhrí a bhaineann tú as an ráiteas seo?

'Tosaíonn an tsíocháin dhomhanda leis an suaimhneas anama.'

(Dalai Lama)

An aontaíonn tú leis an Dalai Lama?

I *Laudato Si*', deir an Pápa Proinsias:

'Tá an cumas ionainn i gcónaí, dearmad a dhéanamh orainn féin, ar mhaithe leis an duine eile. Mura ndéanaimid a leithéid, ní aithneoimid luach intreach an duine eile. Tabharfaimid neamhaird ar mhianta an duine eile. Ní bhacfaimid le srian a chur orainn féin ionas nach mbeadh drochthionchar againn ar an duine eile nó ar an gcomhshaol. Má theastaíonn uainn aire cheart a thabhairt do dhaoine eile agus don chomhshaol, caithfimid dearmad a dhéanamh ar an bhféin-ionsú agus ar an leithleachas, ar an teacht i dtír ar an duine eile, nó ní bheimid ábalta aire a thabhairt dár ndeartháireacha agus dár ndeirfiúracha. Tá sé de dhualgas orainn machnamh a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag ár roghanna agus ár ngníomhartha ar an domhan mórthimpeall orainn. Más féidir linn an t-indibhidiúlachas a shárú, beidh ar ár gcumas athrú a chur ar an tslí mhaireachtála a chleachtaimid, agus athrú suntasach a chur ar an tsochaí.' (LS, 208)

Cad is brí leis an ráiteas seo?

Cad is féidir liomsa a dhéanamh?

Lá Domhanda Urnaí Aire an Chruthaithe

Tharla Séasúr an Chruthaithe idir 1 Meán Fómhair 2019 agus 4 Deireadh Fómhair 2019 (Lá Fhéile Naomh Proinsias Assisi):

Deir an Pápa Proinsias:

... 'Caithfear athrú a chur i bhfeidhm a aontaíonn pobal an domhain, agus a shaorann ó chuing an tomhaltachais muid.'

Tugann an Pápa Proinsias an chomhairle seo dúinn mar cheann na hEaglaise ar domhan. Mínigh i d'fhocail féin é.

Tá iarratas ag an bPápa Proinsias orainn:

'Go dtabharfaimis aire do gach ar chruthaigh Dia - bronntanas saor in aisce uaidh – á chothú is á chaomhnú do na glúine atá le teacht.'

Smaoinigh ar an iarratas seo agus ar do shlí mhaireachtála féin. An bhféadfá athruithe a chur i bhfeidhm i do shaol a chabhródh leis an domhan coiteann a chothú is a chaomhnú do na glúine atá le teacht?

Obair mhachnamhach fhairsingithe
Cén fáth go dtabharfaimis 'aire do gach ar chruthaigh Dia – bronntanas saor in aisce uaidh – á chothú is á chaomhnú do na glúine atá le teacht.'?

Pléigh:

De réir Ard-Easpag Welby, ní hé go bhfuil droch-ionchas ann maidir leis an athrú aeráide, tá ionchas marfach ann do na tíortha agus do na réigiúin leochaileacha ar domhan, agus do na sluaite duine gan áireamh atá ina gcónaí iontu.

Pléigh mar rang, na bealaí éagsúla ina ndéanann an t-athrú aeráide dochar don domhan coiteann ina mairimid.

Arsa an Patrarc Bartholomew:

'Is peaca coiriúil é dochar a dhéanamh don domhan nádúrtha.'

Déan liosta de na rudaí a luann an Patrarc Bartholomew atá mar choireanna in aghaidh an domhain nádúrtha.

Déanann Ard-Rúnaí Chomhairle Domhanda na nEaglaisí, Olav Fykse Tveit, tagairt do shoiscéal Naomh Lúcás (10:27) nuair a deir sé 'Gráóidh tú do Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán agus ó d'anam go hiomlán agus ó do neart go hiomlán agus ó d'aigne go hiomlán agus do chomharsa mar thú féin.'

Cad iad na tagairtí eile a luaitear sa Bhíobla de bheith ag tabhairt grá do do chomharsa?

Cuireann sé an cheist –
'Cad is brí leis an ráiteas seo ag an am seo i saol an domhain?'
Cad is brí leis, an dóigh leat?

Obair fhairsingithe

Ar Lá Domhanda Urnaí Aire an Chruthaithe, dúirt John Arnold, Easpag Salford sa Bhreatain, gur cheart dúinn a bheith mar: 'caomhnóirí gach ar chruthaigh Dia'.

Conas mar is féidir linn a bheith mar: 'caomhnóirí gach ar chruthaigh Dia' sa scoil Chaitliceach seo?

Ár Scoil Chaitliceach – Gníomhaíocht i nGrúpaí

Conas is féidir linne, sa scoil Chaitliceach seo a thabhairt le fios go dtuigimid an bhrí atá le bheith ag tabhairt grá don chomharsa, díreach mar a ghráimid sinn féin?